Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2022 (OR. en)**

**15232/22 ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0371 (COD)**

**ECOFIN 1240**
**CODEC 1839**
**RELEX 1595**
**NIS 33**
**FIN 1265**
**COEST 855**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14562/22 - COM (2022) 597 final |
| Ábhar: | Rialachán lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macrairgeadais +) ***(an chéad léamh)*** Ráiteas ón gCoimisiún |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san IARSCRÍBHINN ráiteas ón gCoimisiún atá le cur i miontuairiscí na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais an 6 Nollaig 2022.

**Dearbhú ón gCoimisiún maidir le ranníocaíochtaí na mBallstát leis an bhfóirdheontas ráta úis le haghaidh iasachtaí MFA+ don Úcráin**

Chun ráthaíochtaí leordhóthanacha a thabhairt don Úcráin maidir le hinfhaighteacht an fhóirdheontais ráta úis sa tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027 le haghaidh na n-iasachtaí faoin Ionstraim MFA+, tá an Coimisiún ag súil go ndéanfaidh na Ballstáit comhaontuithe ranníocaíochta ar a dhéanaí faoin 30 Meitheamh 2023 lena n áirítear na gnéithe seo a leanas:

*(a)* Beidh na ranníocaíochtaí neamh-inchúlghairthe, neamhchoinníollach agus ar éileamh. Déanfar iad a aistriú chuig an gCoimisiún i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha an chomhaontaithe ranníocaíochta, ar éileamh i scríbhinn ón gCoimisiún.

*(b)* Ní chumhdófar leis na ranníocaíochtaí ach an fóirdheontas ráta úis seachas na costais riaracháin a bhaineann leis na hoibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí.

*(c)* Déanfar na ranníocaíochtaí a iarrfaidh an Coimisiún Eorpach ar na Ballstáit a ríomh ar bhonn eochair an ollioncaim náisiúnta (OIN) a leagtar amach in Airteagal 5(1) d'Ionstraim MFA+ de mhéid na gcostas agus sloinnfear in euro iad.

*(d)* Déanfar an fóirdheontas ráta úis a chumhdófar le ranníocaíochtaí a ríomh agus a shonrascú ar bhonn modheolaíocht leithdháilte costas arna glacadh ag an gCoimisiún lena gcumhdaítear an iasachtaíocht a úsáidtear chun na hiasachtaí faoin Ionstraim MFA+ a mhaoiniú.

*(e)* Tiocfaidh na comhaontuithe ranníocaíochta i bhfeidhm nuair a shíneoidh an Coimisiún, agus na Ballstáit iad, faoi réir formheasa i gcomhréir lena nósanna imeachta náisiúnta, más infheidhme.

*(f)* Beidh feidhm ag na comhaontuithe ranníocaíochta maidir leis na leasanna (costais chistiúcháin agus costais bainistithe leachtachta) arna dtabhú sa tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027 agus a bhaineann leis an iasachtaíocht agus leis an iasachtú, cé is moite de na costais a bhaineann le luath-aisíoc na n iasachtaí, i leith na n iasachtaí faoin Ionstraim MFA+.

*(g)* Tá an tacaíocht bhreise ó ranníocaíochtaí na mBallstát faoi Airteagal 4(2) den Ionstraim MFA+ le soláthar ar an tuiscint go mbeidh sí faoi réir na réamhchoinníolla polaitiúla a leagtar síos in Airteagal 6 den Rialachán MFA+.

I gcomhthéacs an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, scrúdóidh an Coimisiún na hinfhaighteachtaí faoin mbuiséad laistigh de theorainneacha na n acmhainní atá ar fáil agus áiritheoidh sé an gá atá ann corrlaigh agus solúbthachtaí leordhóthanacha a choinneáil chun déileáil le himeachtaí gan choinne i rith na bliana airgeadais. Tar éis an nós imeachta buiséadach bliantúil a thabhairt chun críche, cuirfidh an Coimisiún in iúl na méideanna measta a bheidh le glaoch ó na Ballstáit an bhliain dár gcionn. D'fhéadfadh na méideanna a ghlaofar ó na Ballstáit a bheith éagsúil leis na meastacháin sin ós rud é go dtiocfaidh athrú fós ar chuid de na costais ábhartha tráth na cumarsáide.

Chun ullmhúcháin náisiúnta le haghaidh shíniú na gcomhaontuithe ranníocaíochta a éascú, soláthróidh an Coimisiún meastacháin tháscacha ar chostais ráta úis a bhféadfaí a bheith ag súil leo thar na blianta 2023-2027. Déanfar na figiúirí comhiomlána a mhiondealú ar bhonn na heochrach OIN is déanaí in aghaidh an Bhallstáit. Beidh mínithe ag gabháil leo ar an sceideal sonraiscthe le haghaidh glaonna ar ranníocaíochtaí ó na Ballstáit ó R1 2024 ar aghaidh.